Comhairliúchán ar na Dréachtsonraíochtaí Churaclaim nua na Bunscoile

Mar chuid den athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile, tá An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ag tabhairt faoi chomhairliúchán ar Dhréachtsonraíochtaí Churaclaim nua na Bunscoile faoi láthair.

Cuireadh tús leis an comhairliúchán poiblí ar Dhréachtsonraíochtaí san Oideachas Ealaíon; ar an Nuatheangacha lasachta; ar an Oideachas Sóisialta agus Imshaoil; ar an Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht; agus ar an bhFolláine ar an 6ú Márta agus beidh sé ar oscailt go dtí an 7ú Meitheamh. Is éard atá i gceist leis an gcomhairliúchán ná obair le páirtithe leasmhara, ceistneoir ar line agus spás le haghaidh aigneachtaí scríofa. Reáchtálfar fócasghrúpaí timpeall na tíre chomh maith, ceann trí Ghaeilge san áireamh. Beidh an ceann trí Ghaeilge ar siúl san Ionad Oideachais na Gaillimhe ar an 16ú Aibreán (ó 3.45 i.n. – 5.15 i.n.)

Tá CNCM ag súil go mór le cloisteáil ó mhúinteoirí agus ó cheannairí scoile le linn na trí mhí atá romhainn. Má tá suim agat freastal ar an bhfócasghrúpa i nGaillimh chun do thuairimí a chur in iúl, ní mór duit clárú ag an nasc thíos
foirm chláraithe

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcomhairliúchán, tabhair cuairt ar Comhairliuchan Bunscoile 2024